



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Thiobraid Árann
*Tipperary Education and
Training Board*

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA THIOBRAID ÁRANN

**ACHT NA DTEANGACHA
OIFIGIÚLA 2003**

**SCÉIM TEANGA
2016 - 2019**

Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	1
1.1 Réamhrá	1
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	1
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	2
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann	2
2.1 Misean agus Aidhmeanna	2
2.2 Príomhfheidhmeanna	3
2.3 Príomhsheirbhísí	3
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	3
Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach	3
Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge	4
Caibidil 5: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge	7
5.1 Earcaíocht.....	7
5.2 Oiliúint agus Forbairt	8
5.3 Poist Shainithe Ghaeilge	9
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú	11
Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe	11

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Déanann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 foráil d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Dhaingnigh an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an Scéim seo. Tosaíonn sí le héifeacht ó 01/09/2016 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann

2.1 Misean agus Aidhmeanna

Ráiteas Bunchuspóra

“Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann seirbhís oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán ar fáil do mhuintir uile Thiobraid Árann”.

Aidhmeanna

Is iad seo a leanas aidhmeanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann:

- Forbairt ar ár ról aitheanta sa phobal mar sholáthróir deiseanna oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán, ar bhonn inrochtana, logánta do gach aoisghrupa.
- Leanúint le seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil a bheidh comhtháiteach, solúbtha agus cuimsitheach, le cur chuige sainchomhairleachta, gairmiúil.
- I gcomhréir le soláthar agus cur i bhfeidhm ár gcuid polasaithe agus seirbhísí ina n-iomláine, glacann an Bord air féin cabhair, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d’oiliúint agus d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach na foirne go léir

Fís

Tá fís Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann ina bunchloch ag pleananna reatha Scoileanna agus Oideachais Aosaigh agus foirmíonn sí na gníomhaíochtaí uile a cheapaimid chun ár bhfís a thabhairt i gcrích

- Macléinn/Foghlaimoir Lárnaithe
- Tiomantacht d’Ardchaighdeán Feabhais
- Cultúr an Chomhair / an Chomhoibrithe
- Comhpháirtíochtaí a Chothú
- Oscailteacht d’Athruithe

2.2 Príomhfheidhmeanna

Comhlacht reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann a bhfuil de dhualgas air oideachas agus oiliúint a sholáthar in 10 nIarbhunscoil, 1 Scoil Speisialta, 1 Iarbhunscoil Ghaeilge, 2 Aonad Aonair do Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta, 7 nAonad do Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta agus 15 ionad tiomnaithe bhreisoideachais agus oiliúna ar fud Thiobraid Árann. Ar an 28ú Márta 2016, ghlac BOO Thiobraid Árann an fhreagracht as cláracha oiliúna a chur ar fáil do phobal an chontae i gcomhar le SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna).

2.3 Príomhsheirbhísí

Déanann Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann Scoileanna agus ionaid bhreisoideachais agus oiliúna a bhunú agus a chothabháil sa Chontae, agus an soláthar oideachais agus oiliúna sna réimsí seirbhíse sin a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú agus a mheas. Tá de dhualgas, leis, ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann (faoi threoir an Aire Oideachais agus Scileanna) seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do sholáthróirí eile oideachais agus oiliúna. D'fhéadfadh go mbainfeadh an tacaíocht le tionscadail chaipitil agus talamh, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide agus rialachas corparáideach.

2.4 Custaiméirí agus Cliant

Ar chustaiméirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann tá ár scoláirí dara leibhéal agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí; lucht úsáidte ár n-ionaid bhreisoideachais agus oiliúna; daoine óga a bhaineann úsáid as na seirbhísí oibre don aos óg ar fáil i dThiobraid Árann.

Ar chliant Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann tá comhlachtaí reachtúla eile, gníomhaireachtaí stát-urraithe, gníomhaireachtaí deonacha, grúpaí agus daoine aonaí de chuid an phobail agus fostaithe de chuid an Bhoird féin.

Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin nó go dátheangach

Soláthar Seirbhísí Ar Fáil Faoi Láthair		
Seirbhísí (Ginearálta)	Seirbhísí i mBéarla amháin	Béarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla
Iarbhunscoileanna	Trí Bhéarla amháin a riartar na 10 n-Iarbhunscoil go léir, chomh maith leis an scoil speisialta in Ferryhouse, Cluain Meala.	Trí mheán na Gaeilge a riartar an Iarbhunscoil Ghaeilge, Gaelcholáiste

		Chéitinn, Cluain Meala
Ionaid do Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta	Trí Bhéarla amháin a riartar na 9 n-ionad do Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta go léir ar fud an Chontae.	
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna	Trí Bhéarla amháin a riartar na 15 ionad Breisoideachais agus Oiliúna go léir ar fud an Chontae.	
Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna	Trí mheán an Bhéarla a riartar gach ceann d'ár seirbhísí Bhreisoideachais agus Oiliúna. Orthu seo tá Scéim um Fhoghlaim Aosach, Oideachas Pobail, Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, Seirbhís Um Threoir agus Eolas san Oideachas Aosach, Scéim Deiseanna Oideachais Gairmoideachais (SDOG), Ógtheagmháil, Seirbhísí don Aos Óg.	
Oifigí Riaracháin	Trí mheán an Bhéarla amháin a chuireann ár gCeannoifig Riaracháin san Aonach agus ár gCeannoifig Riaracháin Thánaisteach i gCluain Meala araon a gcuid seirbhísí ar fáil.	

Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	
Fógraí réamhthairfeadta ó Bhéal		Beidh na fógraí réamhthairfeadta seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach: (a) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta. (b) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach

		<p>(c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>Tabhair faoi ndeara gur le fógairtí ‘taifeadta’ seachas fógairtí ‘beo’ a bhaineann le hábhar anseo.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanaimid nó dhéanfar thar ár gceann.</p>	
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Post Leictreonach	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaí	Comharthaí	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin / Cora		Éigeantach

	Poist	I gcás ina ndéanfaimid cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, déanfaimid cinnte de gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Úsáidfeadh logainmneacha oifigiúla na <u>gceantar</u> Ghaeltachta faoi réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Is iad na gníomhartha thíos atá i gceist ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann a chur i gcrích le linn shaolré na scéime.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanas	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Cumarsáid ó Bhéal	Fáiltiú	I nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla a bheannófar do chustaiméirí ar an ngléas freagartha teileafóin.	Faoi Nollaig 2016
	Lasc-chlár	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla. Tabharfar deis do chustaiméirí ar mhian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge coinne a dhéanamh.	Faoi Nollaig 2016
	Fógraí réamhthairfeadta ó Bhéal	Beidh beannachtaí pearsanta réamhthairfeadta gutháin na mball foirne i bhfoirm dhátheangach.	Faoi Nollaig 2016
Cumarsáid Scríofa	Bíleoga Eolais/ Bróisiúir	Cuirfidh Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann leaganacha Gaeilge nó dátheangach de na bileoga eolais agus bróisiúir ar fáil.	Faoi 2019
	Foirmeacha Iarratais	Cuirfimid leaganacha Gaeilge de na foirmeacha is mó éileamh orthu ar fáil. Ina measc siúd beidh:	Ar bhonn céimnithe. Faoi

		<ul style="list-style-type: none"> • Foirm iarratais do phost Múinteoireachta • Foirm iarratais don Phainéal Múinteoirí Ionadaíochta • Foirmeacha seiceála an Gharda Síochána • Foirmeacha eile ar fáil, ach iad a lorg. 	dheireadh 2019.
Na Meáin	Preasráitis	Eiseofar 20% de phreasráitis go dátheangach. Tá sé i gceist go n-eiseofaí an t-ábhar seo go comhuaineach.	Ar bhonn céimnithe. Faoi dheireadh 2019
	Urlabhraí Meán	Cuirfidh BOO Thiobraid Árann urlabhraí le Gaeilge ar fáil ar iarratas.	Faoi 2019
	Óráidí	Beidh, ar a laghad, beannachtaí tosaigh agus deiridh óráide i nGaeilge mar aon le tagairtí d'ábhar agus/nó d'ócáid na hóráide.	Faoi Nollaig 2016
Teicneolaíocht Faisnéise	Suíomhanna Gréasáin	Beidh ráiteas fáiltithe dátheangach an Phríomhfheidhmeannaigh ar shuíomh idirlín an Bhoird. Cuirfimid an t-ábhar statach ar an suíomh ar fail i nGaeilge.	Faoi dheireadh na scéime
	Ríomhphoist	Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist – sínithe agus séanta, mar shampla - dátheangach.	Faoi Nollaig 2016
	Córais Ríomhaireachta	Beidh bogearraí próiseála focal in úsáid ag Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann in ann an Ghaeilge a láimhseáil.	Faoi dheireadh 2019

Caibidil 5: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

5.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreat de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Gealltanais	Amlíne Laistigh de Bl.1/Bl.2/Bl.3
Feabhsú ar chumas Gaeilge	Earcaíocht	Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.	Faoi Nollaig 2016
	Oiliúint	<ul style="list-style-type: none"> Cuirfear deiseanna ar fáil chun inniúlacht Ghaeilge na foirne a fhorbairt. Cuirfear ar fáil, ach é a iarraidh, liosta de na cúrsaí Gaeilge do bhaill foirne ar mian leo a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú agus beidh tacaíocht ar fáil ag an bhfoireann faoi Pholasáí um Fhorbairt Ghairmiúil agus Oiliúint Foirne Bhord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann, d'fhonn feabhas a chur ar chumas na foirne a gcuid oibleagáidí Gaeilge a chomhlíonadh agus iad i mbun a ndualgas. Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós: www.tearma.ie, www.teanglann.ie, www.focloir.ie, www.abair.ie chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill. 	Go leanúnach
	Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil	<ul style="list-style-type: none"> Tabharfar spreagadh don fhoireann páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha teanga Éascófar rochtain ar eolas maidir le hacmhainní teanga. 	Go leanúnach

	Eile	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear póstaer chearta teanga (ar fáil ó Oifig an Choimisinéara Teanga) ar crochadh in áit shuntasach i ngach oifig riaracháin/gach scoil/agus gach ionad aitheanta oideachais de chuid an Bhoird. • Tionscnófar suirbhé foirne lena leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge a thomhas, ina dtabharfar deis dóibh iad féin a rangú ó Líofa>Anmhaith>Maith>Réasúnta>Lag maidir le caighdeán de. • Iarrfar ceist ar fhoirmeacha iarratais fostaíochta maidir le hinniúlacht iarratasóra sa Ghaeilge agus cuirfear ceist amháin ar a laghad as Gaeilge ag am agallamh roghnúcháin. 	
--	-------------	--	--

5.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Sa bhreis ar mhúinteoirí Gaeilge nó múinteoirí ar gá dóibh teagasc trí Ghaeilge sna Gaelcholáistí lánGhaeilge, tá na poist liostáilte thíos sainithe mar phoist ina bhfuil cumas Gaeilge riachtanach. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le cúraim an phoist.

Teideal an Phoist	Láthair	Tásc maidir leis an gcaighdeán Gaeilge a theastaíonn (roghnaigh ceann: tosaitheoirí, meánleibhéal nó ardleibhéal)
Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí, Stiúrthóirí, Bainisteoirí, Comhordaitheoirí agus an Fhoireann Teagasc go léir	Scoileanna BOOTÁ, ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus seirbhísí eile	Meánleibhéal inmhianaithe, ardleibhéal buntáisteach
FET Foireann Riaracháin	Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna de chuid BOOTÁ	Bunleibhéal inmhianaithe, meánleibhéal buntáisteach
Foireann Riaracháin Oifige	Foireann Riaracháin na Ceannoifige agus na Ceannoifige Tánaistí	Bunleibhéal inmhianaithe, meánleibhéal buntáisteach
Foireann Riaracháin Scoile	Scoileanna go léir de chuid BOOTÁ	Bunleibhéal inmhianaithe meánleibhéal buntáisteach

Foireann Chothabhála	Scoileanna go léir de chuid BOOTÁ	Bunleibhéal inmhianaithe
-----------------------------	--------------------------------------	--------------------------

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta.

Is í Bernie Uí Artaigh, Oifigeach Sinsearach Foirne, Seirbhísí Corparáideacha, Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann, Bóthar an Teampaill, An tAonach, Co. Thiobraid Árann / Sorcha Sinéad de Búrca, Acmhainní Daonna, Bord Oideachais agus Oiliúna Thiobraid Árann, Bóthar an Iarthair, Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann, na teagmhálaithe don scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- cuirfimid in iúl ar threoirínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.